# LÉAMHTHUISCINT | Sample answer

## Ceist 6B (2016 Léamhthuiscint A)

I mo thuairim, ceapaim go raibh sé ar intinn ag an údar *(intended by the author)* eolas a thabhairt dúinn faoi na fadhbanna a bhaineann leis na Cluichí Oilimpeacha *(Olympics)*. Deir sé go mbíonn conspóidí *(controversies)* ann go minic mar gheall ar *(because of)* úsáid na ndrugaí mídhleathacha *(illegal drugs)* chun an lámh in uachtar *(upper-hand)* a fháil sa chomórtas. Baineadh *(taken)* an bonn óir *(gold medal)* de go leor iomaitheoirí *(competitors)* de bharr úsáid na ndrugaí *(use of drugs)*.

Anuas ar seo, ceapaim gur scríobh an t-údar an sliocht seo chun stair na gCluichí Oilimpeacha *(history of the Olympics)* a chur in iúl don léitheoir *(reader)*. Is léir go bhfuil an-suim *(great interest)* ag an údar san ábhar *(subject/topic)* seo. Tugann sé eolas faoi na Cluichí Oilimpeacha a bhí i mBeirlín *(in Berlin)* sa bhliain 1936 agus an nós nua *(the new tradition)* leis an Tóirse Oilimpeacha *(Olympic Torch)* a thosaíodh ann.